

Grúpa Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ros Comáin



Tuarascáil Bhliantúil 2012



Ospidéal Portiuncula Bhéal Átha na Stuaighe



Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe



Ospidéal Ollscoile Pháirc Mhuirline



Ospidéal Ros Comáin

An Clár Ábhar

Réamhrá	2
1.0 Na Daoine ar a bhFreastalaímid	5
2.0 Rialachas Corparáideach agus Cliniciúil	9
2.1 Cúlra	
2.2 Creat um Rialachas Corparáideach agus Cliniciúil	
2.3 Dul Chun Cinn Go Dáta	
2.4 Bainistiú Feidhmíochta	
3.0 Gníomhaíocht Othair	15
3.1 Cúram Sceidealaithe – Gníomhaíocht Othair Chónaithe	
3.2 Cúram Sceidealaithe – Gníomhaíocht Othair Sheachtraigh	
3.3 Cúram Neamhsceidealaithe / Gníomhaíocht sa Rannóg Éigeandála	
4.0 Príomhfhorbairtí Seirbhíse	23
4.1 Ospidéal Ros Comáin	
4.2 Ospidéal Portiuncula Bhéal Átha na Sluaighe	
4.3 Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe	
5.0 Eastáit	27
5.1 Straitéis Eastát an Ghrúpa	
5.2 Faomhadh Caipitil	
5.3 Seirbhísí Sláinteachais agus Díshalaithe	
6.0 Acmhainní	31
6.1 Airgeadas	
6.2 An Tuairisc Ioncaim Agus Caiteachais	
6.2.1 Pá	
6.2.2 Neamhphá	
6.2.3 Ioncam	
6.3 Acmhainní Daonna	
6.3.1 Próifíl Foirne an Ghrúpa	
6.3.2 Bainistiú Asláithreachta	
6.3.3 Forbairtí Acmhainní Daonna	
7.0 Altranas	39
8.0 Stiúrtóireachtaí Cliniciúla	41
8.1 Stiúrtóireacht Leighis	
8.2 Stiúrtóireacht Máinliachta	
8.3 Stiúrtóireacht Ban agus Leanaí	
8.4 Stiúrtóireacht Raideolaíochta	
8.5 Stiúrtóireacht Leigheas Saotharlainne	
8.6 Stiúrtóireacht Oibrádlainne, Ainéistéise agus Chúraim Chriticiúil	
9.0 Seirbhísí Ailse	49
10.0 Cáilíocht agus Sábháilteacht Othair	51
11.0 Ag Tógáil ar an Dul Chun Cinn	55

Réamhrá



An tUasal Bill Maher,
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin an Ghrúpa

Tá fíoráthas orm an chéad tuarascáil bhliantúil de chuid Ghrúpa Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ros Comáin (an Grúpa).

Is cáipéis ríthábhachtach í an Tuarascáil Bhliantúil ina léirítear ár ndul chun cinn mar eagraíocht ó bunaíodh an Grúpa ar an 09 Eanáir 2012. Taifeadtar ann chomh maith na héachtaí suntasacha atá déanta againn agus ceiliúrtar ár seachadadh seirbhíse.

Mar aon le Grúpa Ospidéal an Mheániarthair, ba muid na chéad ghrúpaí ospidéal a bunaíodh in Éirinn agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Dr James Reilly, an tAire Sláinte; Ambrose McLoughlin, an tArd-Rúnaí, an Roinn Sláinte; agus Tony O'Brien, Ard-Stiúrthóir Ainmnithe an FSS as a muinín asainn agus as a dtacaíocht le 12 mhí anuas.

Tá lucht éisteachta éagsúla ag an Tuarascáil Bhliantúil; go himheánach, cuireann sé i gcuimhne don fhoireann ar fad cad as a dtángamar agus cé mhéid atá bainte amach againn agus do lucht éisteachta seachtrach, is acmhainn faisnéise luachmhar atá ann a thugann ráthaíocht bhreise d'othair, don phobal, dár rannpháirtithe agus d'eagraíochtaí reachtúla maidir leis na seirbhísí a sholáthraímid ar fud an Ghrúpa.

A leithéid de bhliain!

Bhí 12 mhí den scoth againn agus rinneamar an-dul chun cinn i mórán réimsí – aithneoidh go leor den fhoireann a réimsí féin ach seans nach mbeidh eolas acu agus nach dtuigfidh siad na forbairtí agus an dul chun cinn ar fad i gcodanna eile den Ghrúpa. Ba mhaith liom aird a tharraingt ar roinnt réimsí ar leith:

- An bhunobair thábhachtach i dtéarmaí **Rialachais agus Struchtúir Chliniciúla** - forbraíodh socruithe tosaigh rialachais le bunú Comhairle Feidhmiúcháin an Ghrúpa, Foireann Bhainistíochta an Ghrúpa, Comhairle Ghairmiúil Altranais agus Fóram um Stiúrthóir Cliniciúil. Rinneadh roinnt ceapacháin thábhachtacha le dul i ngleic le dúshlán feidhmiúcháin agus chun straitéis a leagan amach chun cumas iomlán an Ghrúpa a fhíorú, na daoine seo ina measc: An Dr Pat Nash, Stiúrthóir Cliniciúil an Ghrúpa; Colette Cowan, Stiúrthóir Altranais agus Cnámhseachais an Ghrúpa; Tony Canavan, an Príomhoifigeach Oibriúcháin; Maurice Power, an Príomhoifigeach Airgeadais agus John Shaughnessy, an Stiúrthóir Acmhainní Daonna.
- Forbairt shuntasach eile ba ea ceapadh Noel Daly mar **Chathaoirleach**

Ghrúpa Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ros Comáin. Ba é seo an chéad chéim i mbunú grúpaí ospidéal, agus ina dhiaidh sin bunaíodh iontaobhais ospidéal mar chuid de chlár an Aire Sláinte chun an tseirbhís sláinte a athchóiriú. Bunaíodh an Bord eatramhach ar bhonn riaracháin neamhreachtúil.

Is cáipéis ríthábhachtach í an Tuarascáil Bhliantúil ina léirítear ár ndul chun cinn mar eagraíocht

- Ag croílár an rialachais seo tá ár **Struchtúr Stiúrtóireachta Cliniciúla**. Le linn 2012, bhí Cliniceoirí rannpháirteach go gníomhach i mbainistiú an Ghrúpa; baineadh amach é seo go príomha trí cheapadh seachtar Stiúrtóirí Cliniciúla agus a bpríomhról ar an gComhairle Feidhmiúcháin.
- Ba iad na **príomhthosaíochtaí** in 2012 caighdeán an chúraim a sholáthraítear a fheabhsú, rochtain ar sheirbhísí ospidéal a fheabhsú agus meanma na foirne a fheabhsú. Leagadh amach na tosaíochtaí seo i gcomhthéacs an riachtanais chun costais a laghdú agus feidhmíocht airgeadais a fheabhsú agus ag an am céanna an t-éileamh ar sheirbhísí ospidéal atá ag fás a shásamh. D'éirigh leis an nGrúpa na tosaíochtaí seo a bhaint amach, lena n-áirítear dul chun cinn suntasach in úsáid acmhainní a bharrfheabhsú trí chomhtháthú níos fearr, laghdú suntasach ar fheithimh ar thralaithe, dul i ngleic le spriocanna dúshlánacha na liostaí feithimh agus Cláir Chliniciúla Náisiúnta a fhorfheidhmiú.
- Agus muid ag réiteach don bhliain seo chugainn sheolamar chomh maith **Plean Seirbhíse an Ghrúpa do 2013**. Cuireann an plean seo leis an mbunchloch láidir a tógadh in 2012 i dtéarmaí seachadadh seirbhíse, amanna feithimh a laghdú, socruithe rialachais fóna a bhunú agus caighdeán othair a fheabhsú agus tuairisceoidh mé ar an dul chun cinn i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo chugainn.

Buíochas agus Ómós

Bliain iontach a bhí ann ar gach bealach. Ní bheimis in ann é seo a bhaint amach gan comhoibriú agus tiomantas ár bhfoirne inár n-ospidéal ar fad. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh libh as an mbaint a bhí agaibh lenár rath go dtí seo. Táim ag súil le tógáil air seo ionas gur féidir linn feabhas a chur go leanúnach ar shábháilteacht agus ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraímid dár n-othair mar chuid dár dturas leanúnach chun tuilleadh neamhspleáchais a bhaint amach agus a bheith mar an chéad iontaobhas ospidéal in Éirinn.

Bill Maher, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa

1.0 Na Daoine ar a bhFreastalaímid

Is é atá i nGrúpa Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ros Comáin Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe (ina bhfuil Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ospidéal Ollscoile Pháirc Mhuirlinne), Ospidéal Portiuncula Bhéal Átha na Sluaighe agus Ospidéal Ros Comáin.

Freastalaíonn an Grúpa ar dhobharcheantar 820,880 duine


Is é an Grúpa an soláthraí réigiúnach is mó de chúram éigeandála, de ghéarchúram agus de chúram d'othair eachtraigh don daonra i gcroílímistéar dhobharcheantar na Gaillimhe (daonra 250,653) agus Ros Comáin (daonra 64,065).

Is ionad for-réigiúnach sainithe iad Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe (GUH) do sheirbhísí ailse agus cairdiacha agus mar aon le hOspidéal Portiuncula Bhéal Átha na Sluaighe (PHB) agus le hOspidéal Ros Comáin (RH) soláthraíonn siad réimse seirbhísí (feic Aguisín 1 don liosta iomlán) cosúil le Míochaine Ghinearálta, Máinliacht Ghinearálta, Seirbhísí Geiriatracha, Seirbhísí Ortaipéidice, Seirbhísí Péidiatraiceacha agus Seirbhísí Máithreachais don dobharcheantar níos leithne de Ghailimh, Ros Comáin, Maigh Eo, Liatroim, Sligeach, Dún na nGall agus an Clár; ceantar ina bhfuil daonra iomlán de 820,880 duine.



D'eagraigh an Coiste um Chur Chun Cinn na Sláinte in Ospidéal Portiuncula tráthnóna ar mhaith le Cur Chun Cinn na Sláinte i Meán Fómhair chun Mí Croíthe na hÉireann a cheiliúradh.

Léarscáil den Dobharcheantar ar a bhFreastalaíonn an Grúpa



Is é dobharcheantar an Ghrúpa Gaillimh agus Ros Comáin; soláthraítear seirbhísí do dhobharcheantar níos leithne chomh maith lena n-áirítear Maigh Eo, Liatroim, Sligeach, Dún na nGall agus an Clár.

Forbheathnú ar Ghrúpa Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ros Comáin

Ospidéal	Suíomh	Múnla	Leapacha	Foireann
Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe	Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe	*4	710	2,500
	Ospidéal Ollscoile Pháirc Mhuirlinne	*2		517
Ospidéal Portiuncula	Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe	*3	194	646
Ospidéal Ros Comáin	Baile Ros Comáin	*2	96	278

* **Ospidéal Mhúnlá 4:** Glactar le hothair ghéarmhíochaine neamhdhifreáilte lena n-áirítear othair atreoraithe treasacha. Bíonn ICU i gcatagóir 3 nó 3S, Aonad Measúnaithe Leighis atá oscailte ar bhonn leanúnach (24 uair an chloig, gach lá sa bhliain) agus Rannóg Éigeandála, lena n-áirítear CDU ar an láthair ag Ospidéal Leibhéal 4.

* **Ospidéal Mhúnlá 3:** Glactar le hothair ghéarmhíochaine neamhdhifreáilte. Bíonn Aonad Measúnaithe Géarmhíochaine agus Rannóg Éigeandála ar an láthair ag Ospidéal Leibhéal 3. Tá ICU i gcatagóir 1 nó 2 ag an ospidéal.

* **Ospidéal Mhúnlá 2:** Is iad na réimsí cúram sláinte a fhásfaidh amach anseo, bainistíocht galar ainsealach, máinliacht lae, diagnóisic agus athshlánú a bhunófar in Ospidéal Leibhéal 2. Mar thoradh ar líon iomlán na gníomhaíochta, fásfaidh Ospidéal Leibhéal 2 go suntasach. Cuireann siad cúram cónaitheach agus seachtrach ar fáil d'othair dhifreáilte, ísealriosca, nach bhfuil sé dóchúil go dteastóidh athbheochan iomlán uathu.



Reachtáil GUH Seirbhís Chuimhneacháin Éacúiméineach d'othair a fuair bás agus iad san ospidéal. Ó chlé: Anne McKeown, Oifigeach Idirchaidrimh Méala; Colette Cowan, Stiúrthóir Altranais agus Cnáimhseachais; Marie Cox, Stiúrthóir Cúnta Altranais, Seirbhísí Ailse; an tAthair Peter Joyce, Séiplíneach UHG; Imam Sheik Khalid Sallabi; an tUrramach Gary Hastings; Jacquie Cooney, Aramark; Colette Goonan, Bainisteoir Altraí Cliniciúla, Péidiatraic; Hannah Kent, Comhordaitheoir Forbartha um Chleachtas Altranais; Mary Burke, Speisialtóir Altranais Chliniciúil, Cúram Maolaitheach; Phil Whyte, Acmhainní Daonna; Olive Gallagher, Cumann Ailse na hÉireann, Ionad Lus an Chromchinn; agus Annette McCabe, an Rannóg Seirbhísí.

2020

2.0 Rialachas Corparáideach agus Cliniciúil

2.1 Cúlra

Ón 9 Eanáir 2012, cónascadh Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe, Ospidéal Portiuncula agus Ospidéal Ros Comáin i ngrúpa ospidéal amháin le Foireann Bhainistíochta Grúpa foriomlán, buiséad airgeadais amháin agus síleáil coibhéise lánaimseartha amháin.

Bunaíodh Grúpa Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ros Comáin ar an 9 Eanáir 2012



Noel Daly, Cathaoirleach Ghrúpa Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ros Comáin


Ba é príomhaidhm 2012 bunchloch a bhunú, le dul i ngleic leis na dúshláin feidhmiúcháin láithreacha agus le straitéis a leagan amach chun cumas iomlán an Ghrúpa a fhíorú. Forbraíodh socruithe rialachais go himhneánach le bunú Comhairle Feidhmiúcháin an Ghrúpa, Foireann Bhainistíochta an Ghrúpa, Comhairle Ghairmiúil Altranais agus Fóram na Stiúrthóirí Cliniciúla agus comhaontaíodh múnla rialachais agus tuairiscithe. Láidríodh é seo tuilleadh nuair a ceapadh Stiúrthóir Grúpa ar Acmhainní Daonna agus Stiúrthóir Grúpa ar Altranais agus Cnáimhseachas.

I Meitheamh, d'fhógair an tAire Sláinte gur ceapadh an tUasal Noel Daly ina ról mar Chathaoirleach Ghrúpa Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ros Comáin agus ba é seo an chéad chéim i mbunú iontaobhais ospidéal mar chuid de chlár an Rialtais chun an tseirbhís sláinte a athchóiriú. Áirítear le sainchúram an Bhoird struchtúr éifeachtach rialachais chorparáidigh agus chliniciúil a fhorbairt don Ghrúpa mar aon lena chinntiú go bhfuil na córais chúraim atá i bhfeidhm dár n-othair ar ardchaighdeán agus sábháilte. Fógrófar comhaltaí eile an Bhoird in 2013.

2.2 Creat um Rialachas Corparáideach agus Cliniciúil

Trí bhunú na Stiúirthóireachtaí Cliniciúla agus múnla nua Rialachais Chorporáidigh agus Chliniciúil, tá an Grúpa anois ag réiteach le bogadh i dtreo timpeallacht nua atá:

- Dírithe ar ghnó a dhéanamh níos éifeachtúla trí chóras ospidéal aonair a chruthú,
- Ag briseadh bacainní traidisiúnta agus ag úsáid chumas iomlán na heagraíochta chun seachadadh spriocanna do chúram sceidealaithe agus neamhsceidealaithe a chur chun cinn,
- Ag forfheidhmiú na dtiomantas a leagtar amach sa Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse,
- Ag forfheidhmiú Cláir Chliniciúla Náisiúnta, agus
- Ag cinntiú go bhfuil cultúr na sábháilteachta othair lárnach i ngach rud a dhéanaimid mar a leagtar amach i gCaighdeáin HIQA.



2.3 Dul Chun Cinn Go Dáta

Leanaimid ag dul chun cinn trí acmhainní uile an Ghrúpa a uasmhéadú, trí dhúbailt seirbhísí a bhaint agus trí Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise, Eastáit, Airgeadas agus Daonchumhacht Leighis a atheagrú.

D'fhorbraíomar Straitéis Cumarsáide an Ghrúpa a chuireann creat ar fáil do sheachadadh éifeachtach cumarsáide inmheánaí agus seachtraí.

Comhairle Feidhmiúcháin an Ghrúpa

Tá struchtúr Chomhairle Feidhmiúcháin an Ghrúpa i bhfeidhm, faoi chathaoirleacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Tagann an grúpa seo le chéile go míosúil agus cuimsítear ann Foireann Bhainistíochta an Ghrúpa agus seachtar Stiúrthóirí Cliniciúla. Cinntíonn an Chomhairle go rialaítear gníomhaíochtaí oibríochtúla agus cliniciúla an Ghrúpa faoi struchtúr láidir amháin; faigheann an grúpa tacaíocht ó Fhóram na Stiúrthóirí Cliniciúla, ó Fhoireann Bhainistíochta an Ghrúpa agus ón bhFóram Straitéiseach Altranais.

Ar cheann de na príomhfhorbairtí a rinneadh in 2012 bhí láidriú breise ar ról na gCliniceoirí i mbainistiú an Ghrúpa. Tháinig Stiúrthóir Cliniciúil Ospidéal Portiuncula faoi threoir an Stiúrthóra Leighis, an Dr David O'Keefe ar bord leis an seisear Stiúrthóirí Cliniciúla reatha ag GUH (Stiúrthóirí Cliniciúla do Mhíochaine Saotharlainne, Mná agus Leanaí, Raideolaíocht, Máinliacht, Míochaine agus Obrádlann, Ainéistéitic agus Cúram Criticiúil). Tá na Stiúrthóireachtaí Cliniciúla anois ina gcroí-aonaid bhainistíochta dá réimsí.

Ba é an príomhfhócas do 2012 seachadadh an phlean airgeadais, bainistiú na gníomhaíochta cúraim sceidealaithe agus neamhsceidealaithe agus spriocanna rochtana



Bill Maher, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa leis an Dr James Reilly, an tAire Sláinte ag an gComhdháil Náisiúnta um Chúram Sláinte.

Foireann Bhainistíochta an Ghrúpa

Tagann Foireann Bhainistíochta an Ghrúpa le chéile go míosúil faoi chathaoirleacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Áirítear le ballraíocht Fhoireann Bhainistíochta an Ghrúpa Bainisteoir Ginearálta as gach láthair ospidéal, Stiúrthóir Altranais agus Cnáimhseachais an Ghrúpa, Stiúrthóir Cliniciúil an Ghrúpa, Stiúrthóir Acmhainní Daonna an Ghrúpa, an Príomhoifigeach Airgeadais agus an Príomhoifigeach Oibriúcháin.

Is é príomhfhócas na Foirne seo:

- Treoir agus ceannaireacht a chur ar fáil don Ghrúpa i mbaint amach a spriocanna,
- Príomhtháscairí Feidhmíochta Corparáideacha a Fhorbairt,
- Plean Straitéiseach don Ghrúpa a Fhorfheidhmiú,
- Plean Seirbhíse Bliantúil a Fhorbairt agus Fhorfheidhmiú,
- Buiséad an Ghrúpa a leithdháileadh agus a bhainistiú,
- Cúiseanna le húsáid acmhainní a thabhairt, agus
- Seirbhís ardchaighdeán éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil atá otharlárnaithe agus a aimsíonn luach ar airgead.

Comhairle Ghairmiúil Altranais

Rinneadh an cinneadh le Comhairle Ghairmiúil Altranais a áireamh mar chuid bhunúsach de struchtúr rialachais an Ghrúpa i ráithe dheiridh 2012. Léiríonn sé an ról thar a bheith tábhachtach atá ag altraí i seachadadh cúraim d'othair. Beidh Stiúrthóir Altranais an Ghrúpa mar chathaoirleach ar an gComhairle Ghairmiúil Altranais agus áirítear leis na comhaltaí an Stiúrthóir Altranais as gach láthair ospidéal agus comhaltaí ex officio, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Príomhoifigeach Oibriúcháin, an Príomhoifigeach Airgeadais agus Stiúrthóir Cliniciúil an Ghrúpa. Reáchtálfaidh an Chomhairle Ghairmiúil Altranais a céad chruinniú in 2013.

Fóram na Stiúrthóirí Cliniciúla

Tagann na Stiúrthóirí Cliniciúla le chéile go míosúil ag Fóram na Stiúrthóirí Cliniciúla, faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Míochaine. Díríonn siad ar shaincheisteanna cosúil le Rialachas Cliniciúil, Sábháilteacht Othair, Iniúchadh Cliniciúil, Straitéis Chliniciúil, Forbairt Seirbhíse, Cláir Chliniciúla agus Straitéis Ailse. Tuairiscíonn Fóram na Stiúrthóirí Cliniciúla chuig an gComhairle Feidhmiúcháin. Tá sraith Príomhtháscairí Feidhmíochta, tosaíochtaí agus plean srianta costais aontaithe ag gach Stiúrthóir Cliniciúil, a cheadaíonn Comhairle Feidhmiúcháin an Ghrúpa. Tacaíonn an Bainisteoir Gnó, an Bainisteoir Sinsearach Altranais, an Bainisteoir Acmhainní Daonna, an Cuntasóir Bainistíochta agus comhalta d'Fhoireann Bhainistíochta na Comhairle ag feidhmiú mar "Stiúrthóir Roinne" leis an Stiúrthóireacht. Faoi láthair, táimid ag ailíniú ár gcórais airgeadais agus Acmhainní Daonna chuig na Stiúrthóireachtaí lena chinntiú go ndéanfar bainistiú éifeachtúil ar acmhainní ag leibhéal Stiúrthóireachta.

2.4 Bainistiú Feidhmíochta

Forbairt bhreise i socruithe rialachais is ea an cleachtas bliantúil de chuspóirí a leagan do gach comhalta den Chomhairle Feidhmiúcháin ar a dtugtar 10+5. Cinnfionn an próiseas seo, faoi stiúir an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, go sainaithnítear cuspóirí na heagraíochta agus go dtugtar tréimhsí ama soiléire do na hoifigigh tosaigh d'fhonn bainistiú feidhmíochta an ghrúpa a sheachadadh in 2013.

Tá an Grúpa bunaithe le bliain anuas agus tá bunchloch láidir bunaithe acu a ndéanfar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta. Beidh an Chéad Chruinniú Boird iomláin ag Bord an Ghrúpa i bhFeabhra 2013.

Tá sraith
Príomhtháscairí
Feidhmíochta,
tosaíochtaí agus
plean srianta costais
aontaithe ag gach
Stiúrthóir Cliniciúil



An Chomhairle Feidhmiúcháin, Deireadh Fómhair 2012. Chun tosaigh ó chlé: An Dr Geraldine Gaffney, Stiúrthóir Cliniciúil, Mná agus Leanaí; Colette Cowan, Stiúrthóir Altranais agus Cnáimhseachais an Ghrúpa; Bill Maher, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa; Chris Kane, Bainisteoir Ginearálta Gníomhach, Ospidéal Portiuncula Bhéal Átha na Sluaighe; agus Elaine Prendergast, Bainisteoir Ginearálta, Ospidéal Ros Comáin. Ar chúl ó chlé: Tony Canavan, Príomhoifigeach Oibriúcháin an Ghrúpa; an Dr Ray McLoughlin, Stiúrthóir Cliniciúil, Raideolaíocht; an Dr Paul Naughton, Stiúrthóir Cliniciúil, Obrádlann agus Cúram Críiciúil; an Dr Michael Brassil, Stiúrthóir Cliniciúil, Portiuncula; an Dr Damian Griffin, Stiúrthóir Cliniciúil, Míochaine Saotharlainne; an Dr Pat Nash, Stiúrthóir Cliniciúil, Míochaine; an tUasal Karl Sweeney, Stiúrthóir Cliniciúil, Máinliacht; an tOllamh Gerry Loftus, Déin Ex-Officio Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Maurice Power, Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa; agus John Shaughnessy, Stiúrthóir Acmhainní Daonna an Ghrúpa.

3.0 Gníomhaíocht Othair

Sháraigh an líon othar a chonacthas agus ar cuireadh cóireáil orthu na spriocanna a leagadh amach sa phlean seirbhíse don bhliain agus baineadh amach é seo le buiséad laghdaithe agus níos lú comhaltaí foirne.

Group Activity 2012					
	Iarbhír 2011	Sprioc 2012	Iarbhír 2012	Athraitheas 2012	Athraitheas 2012
Othar Cónaitheach	49989	46868	51062	4194	9%
Cásanna lae	90628	93262	101096	7834	8%
OPD	277523	276833	289244	12411	4%
Freastail ED	82297	82452	87813	5361	7%
Freastail UCC*	9377*	4011	5940	1929	48%
Breitheanna	5577	5576	5433	-143	-3%

- 51,062 othar cónaitheac
- 101,096 cás lae
- 289,244 coinne othair sheachtraigh
- 87,813 ag teacht chuig an Rannóg Éigeandála
- 5,433 leanbh tagtha ar an saol

UCC* = Ionad Cúraim Phráinnigh in Ospidéal Ros Comáin. Áirítear san fhigiúr do 2011 freastail ar an Rannóg Éigeandála go dtí an 10 Iúil agus freastail UCC ón 11 Iúil go dtí deireadh na bliana.



An tOllamh Frank Sullivan, Cliniceoir Treorach, an Roinn Oinceolaíochta Radaíochta, GUH leis an Ollamh Peter Grimm, Stiúrthóir Feidhmeannach an Ionaid Cóireála d'Ailse Phróstataigh in Seattle a thug cuairt ar an ospidéal i Márta le féachaint ar an Ollamh Sullivan i mbun dhá ghnáthamh Bracateiripe Phróstataigh (Ionchlannú Sí).

Gníomhaíocht Othair

Gníomhaíocht GUH 2012					
	Iarbhír 2011	Sprioc 2012	Iarbhír 2012	Athraitheas 2012	Athraitheas 2012
Othar Cónaitheach	35407	34442	37825	3383	10%
Cásanna lae	78815	79031	87189	8158	10%
OPD	217766	218362	227371	9009	4%
Freastail ED	61060	61227	64919	3692	6%
Breitheanna	3429	3428	3377	-51	-1%

Gníomhaíocht PHB 2012					
	Iarbhír 2011	Sprioc 2012	Iarbhír 2012	Athraitheas 2012	Athraitheas 2012
Othar Cónaitheach	11019	10802	11341	539	5%
Cásanna lae	8053	8215	8774	559	7%
OPD	46921	45600	47018	1418	3%
Freastail ED	21237	21225	22894	1669	8%
Breitheanna	2148	2148	2056	-92	-4%

Gníomhaíocht RH 2012					
	Iarbhír 2011	Sprioc 2012	Iarbhír 2012	Athraitheas 2012	Athraitheas 2012
Othar Cónaitheach	3563	1624	1896	272	17%
Cásanna lae	3790	6016	5133	-883	-15%
OPD	12836	12871	14855	1984	15%
Freastail ar an Ionad Cúraim Phráinnigh	9377*	4011	5940	1929	48%

* Tabhair faoi deara: Áirítear san fhiúir do Chúram Práinneach do 2011 freastail ar an Rannóg Éigeandála go dtí an 10 Iúil agus freastail UCC ón 11 Iúil go dtí deireadh na bliana

3.1 Cúram Sceidealaithe – Gníomhaíocht Othair Chónaithe

Cuimsíonn cúram sceidealaithe seirbhísí d’othair sheachtracha agus seirbhísí roghnacha d’othair chónaitheacha nach cásanna éigeandála (cóireáil thráma nó ailse éigeandála) iad.

Ar cheann de phríomhéachtaí an Ghrúpa in 2012 bhí sprioc an Aire Sláinte, an Dr James Reilly, a bhaint amach i dtaobh liostaí feithimh d’othair chónaitheacha. Seo a leanas na spriocanna d’amanna feithimh a bhain an Grúpa amach faoin 30 Meán Fómhair:

- 9 mí do dhaoine fásta,
- 20 seachtain do leanaí, agus
- 13 seachtaine do scóip.

Ghlac an Grúpa le ‘plean 5 phointe’ le díriú ar sheachadadh seirbhísí cúraim sceidealaithe chun sprioc-amanna feithimh a shásamh:

- Díriú níos mó ar bhailíochtú,
- Tuairisciú agus úinéireacht fheabhsaithe,
- Úsáid éifeachtach acmhainní i ngach ospidéal Grúpa,
- Oideachas agus rannpháirtíocht othair, agus
- Úsáid éifeachtach den spás obrádlainne atá gann.

D’fhonn an sprioc a bhaint amach, b’éigean don Ghrúpa cóireáil a chur ar 13,944 othar faoi dheireadh Mheán Fómhair. Choinnigh an Grúpa na spriocanna don chuid eile den bhliain agus b’fhéidir é seo a dhéanamh trí rannchuidiú féideartha gach ospidéal agus gach Stiúrthóireachta sa Ghrúpa a uasmhéadú.

Chuir an díriú ar sprioc 9 mí mar aon le hobair na gClár Cliniciúil le hathruithe tábhachtacha ar an mbealach a seachtar seirbhísí agus le héifeachtúlacht na n-ospidéal sa Ghrúpa. Áiríodh le samplaí le linn 2012 Forfheidhmiú Beartas Cohóirt Leapa in GUH i mBealtaine, leapacha míochaine agus máinliachta a shonrú agus leapacha míochaine agus máinliachta a chur ar fáil ar bhonn speisialtachta. D’fheabhsaigh iontrálacha ar lá na máinliachta in GUH ó 39% in Eanáir go 46% i mí na Samhna. Breisíodh ár gcumas le scaoileadh le daoine go luath, comhordú cúraim sceidealaithe agus neamhsceidealaithe a fheabhsú agus úsáid leapacha máinliachta a bhainistiú go héifeachtach de bharr thabhairt isteach na gcomhordaitheoirí sreafa othar do mhíochaine agus máinliacht in GUH.

D’éirigh leis an nGrúpa sprioc an liosta feithimh náisiúnta a bhaint amach trí chóireáil a chur ar 13,944 othar cónaitheach faoi dheireadh Mheán Fómhair

Laghaigh líon na gcealaithe othar in 2012 de bharr na n-athruithe seo.

Céim mhór ar aghaidh ba ea tabhairt isteach Clár Obrádlainne Táirgiúla ag GUH agus PHB i dtreo athrú fadtéarmach a bhaint amach trí úsáid na hobrádlainne a fheabhsú agus éifeachtúlacht na hacmhainne is costasaí sna hospidéal a uasmhéadú.



Mar chuid de rolladh amach an Chláir Obrádlainne Táirgiúla, reáchtáil Portiuncula an chéad Cheardlann Físithe i mí Iúil.



An fhoireann a thacaigh leis an gClár Athshlánaithe píolótach nua ag GUH ó chlé: Adrienne Newell, Oibrí Sóisialta Míochaine Sinsearach; Ciara Breen, Teiripeoir Saothair Sinsearach; Cathelijne Donders-Seoige, Teiripeoir Urlabhra agus Teanga Sinsearach; Trish Galvin, Speisialtóir Altranais Cliniciúil – Stróc; agus Sinead Moynihan, Fisiteiripeoir Sinsearach

3.2 Cúram Sceidealaithe – Gníomhaíocht Othair Sheachtraigh

Chuir an Grúpa cóireáil ar os cionn 285,000 othar i seirbhísí othar seachtrach ag clinicí seachtracha in 2012.

Chuir an Grúpa cóireáil ar os cionn 289,000 othar i seirbhísí othar seachtrach in 2012.

In Eanáir 2012, bhí 45,000 othar ar liostaí feithimh othar seachtrach – a d'fhás in incrimintí thar roinnt blianta – ar fud an Ghrúpa. Sainaitníodh na príomhspeisialtachtaí le hamanna feithimh an-fhada agus ba thosaíocht é dul i ngleic leo le hacmhainní na n-ospidéal sa Ghrúpa chun an líon daoine a bhí ag feitheamh a laghdú. Ardaíodh an cumas le hothair a fheiceáil trí sheisiúin chlinic níos faide a chur ar fáil agus trí chlinicí breise a reáchtáil.

Sampla de laghdú suntasach a rinneadh ar liosta feithimh ab ea Deirmeolaíocht a laghdaíodh ó 3,133 othar ag fanacht go 1,001 othar ag fanacht faoi dheireadh na bliana.

Bhí ardráta Níor Fhreastail (DNA) ag an nGrúpa; níor tháinig 10% d'othair nua agus 15% d'othair athbhreithnithe chuig a gcoinne sceidealaithe. Bíonn tionchar aige seo ar an gcumas cóireáil a chur ar othair ar bhealach tráthúil agus bunaíodh grúpa fócais chun ráta DNA a laghdú.

Ag deireadh 2012, leag an tAire Sláinte sprioc nach mbeadh aon othar ag fanacht níos faide ná 12 mhí ar choinne clinic d'othair sheachtracha faoi dheireadh 2013. Ag deireadh 2012, cuireadh tús le cleachtadh bailíochtaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta feithimh d'othair sheachtracha. Is é a bhí i gceist sa chleachtadh seo teagmháil a dhéanamh le breis agus 23,000 othar agus bhí sé le críochnú sa chéad ráithe de 2013.

Is dúshlán mór atá sa liosta feithimh d'othair sheachtracha agus beidh sé mar phríomhfhócas an Ghrúpa in 2013.


3.3 Cúram Neamhsceidealaithe / Gníomhaíocht sa Rannóg Éigeandála

In 2012, rinne an Grúpa dul chun cinn le hamanna iontrála ón Rannóg Éigeandála (ED). Laghdaíodh an líon daoine arbh éigean dóibh fanacht sular iontráladh iad agus laghdaíodh an méid ama arbh éigean dóibh fanacht chomh maith. In GUH i bhFeabhra, bhí 24 othar ar an meán ag fanacht ar iontráil ag 8am agus faoi mhí na Nollag bhí 10 n-othar ar an meán ag fanacht ar iontráil. Rinne Ospidéal Portiuncula an-dul chun cinn chun an fad ama a chaitheann othair sa Rannóg Éigeandála a fheabhsú, cé gur ardaigh an líon othar a bhí ag freastal ó 21,237 in 2011 go 22,894 in 2012. I mí na Nollag, chonacthas agus scaoileadh amach os cionn 89% d’othair a d’fhreastail ar an rannóg éigeandála in Ospidéal Portiuncula taobh istigh de shé uair an chloig ar an meán.

I mí na Nollag, chonacthas agus scaoileadh amach os cionn 89% d’othair a d’fhreastail ar an rannóg éigeandála in Ospidéal Portiuncula taobh istigh de shé uair an chloig ar an meán.

In GUH, síneadh uaireanta oscailte an Aonaid Ghéarmhíochaine chuig 24 uair agus osclaíodh aonad míochaine gearrchónaithe 32 leaba do ghéarchóireáil agus/nó breathnóireacht nuair a mheastar go mbeidh an tréimhse fanachta níos lú ná 48 uair. Bhí tionchar suntasach aige seo ar shreabhadh othar chuig an ospidéal agus laghdaigh sé an brú ar an Rannóg Éigeandála.

An Meánlíon Othar ar Thralaithe Ag Fanacht ar Iontráil * - 2011 v 2012



* Meán Gluaisteach 30 lá



Helen Hanrahan, CNM3, an Rannóg Éigeandála, GUH; Shirley Angland, Ardchleachtóir Altranais don Rannóg Éigeandála, GUH; agus Jean Kelly, Stiúrthóir Cúnta Altranais, an Rannóg Míochaine agus an Rannóg Éigeandála, GUH i Seomra Cóireála an Ardchleachtóra Altranais sa Rannóg Éigeandála.



Shínigh GUH uaireanta oscailte an Aonaid Ghéarmhíochaine chuig 24 uair agus d'oscail siad aonad míochaine gearrchónaithe 32 leaba in 2012. Ó chlé: Jean Kelly, Stiúrthóir Cúnta Altranais, an Rannóg Míochaine agus an Rannóg Éigeandála; an Dr Pat Nash, Stiúrthóir Cliniciúil, Míochaine; agus Sharon Griffin, Comhordaitheoir um Shreabhadh Othar, Míochaine.

4.0 Príomhfhorbairtí Seirbhíse

Áirítear le roinnt de na príomhfhorbairtí seirbhíse ar fud an Ghrúpa in 2012:

4.1 Ospidéal Ros Comáin

- Tugadh Seirbhísí Úireolaíochta isteach.
- Fuarthas Creidiúnú JAG don tSeirbhís Ionscópachta.
- Síneadh Seirbhísí Máinliachta Plaistí agus Atógálaí.
- Tugadh Staidéir Chodlata isteach.
- Níos mó Ordú Oideas ó Altraí
- Síneadh Máinliacht Fiaclóireachta.
- Forfheidhmíodh Córas Faisnéise Raideolaíochta (RIS).



Sa ghrianghraf leis an ngaireas x-gha soghluaiste nua san obrádlann in Ospidéal Ros Comáin, ina seasamh ó chlé: Eileen Goldrick, Altra Fiaclóireachta/Radagrafaí Fiaclóireachta; Marie Cooke, Bainisteoir Altraí Cliniciúla Gníomhach 2; Tommy Carr, Póirtéir Obrádlainne; an Dr Keith Finn, Máinlia Fiaclóireachta Sínearach (Cúram Speisialta); Celia Naughton Concannon, Altra Fiaclóireachta; agus Hailey Leech, Altra Foirne. Ina súi: An Dr Caroline Mills, Cláraitheoir Ainéistéisigh agus an Dr Shaik Subhani, Ainéistéisí Comhairleach Ionaid.

4.2 Ospidéal Portiuncula Bhéal Átha na Sluaighe

- Tugadh isteach Clár Oibrádlainne Táirgiúla.
- Osclaíodh Aonad Péidiatraiceach nua athchóirithe.
- Suiteáladh trealamh ardghléine den scoth chun níos mó gnáthaimh mháinliachta laparascópaí nó nach bhfuil ionrach a chur ar fáil d'othair.
- Cuireadh an Córas Náisiúnta um Íomháú Máinliachta Comhtháite (NIMIS) i bhfeidhm i mí na Samhna.
- Cuireadh tús le hobair ar uasghrádú ar ionad cónaithe Míochaine mar ullmhúchán roimh bhunú comhacadamh máinliachta le OÉ Gaillimh.
- Rinneadh athchóiriú ar an áit feithimh raideolaíochta.
- Rinneadh uasghrádú ar sheomraí sruthlaithe in dhá limistéar barda.
- Rinneadh mion-athchóiriú ar Bharda Naomh Eoin.
- Fuarthas inneall ainéistéitice agus inneall ultrafhuaimne nua don oibrádlann/ICU.
- Bunaíodh Grúpa Pleanála um Rialú Forbartha chun an cás gnó do bhloc barda ionaid a fhorbairt agus a chur chun cinn.



An tUasal Chris Collins, Máinlia Comhairleach; John Donovan, Bainisteoir Díolachán um Chosc Ionfhabhtaithe, M.E.D. Máinliacht agus an tUasal Eddie Myers, Máinlia Comhairleach leis an trealamh ardghléine den scoth a suiteáladh sna hobrádlanna in Ospidéal Portiuncula in 2012.

4.3 Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe

- Aistríodh Géarmhíochaine chuig láthair UCHG.
- Síníodh uaireanta oscailte an Aonaid Ghéarmhíochaine chuig 24 uair agus osclaíodh aonad míochaine gearrchónaithe 32 leaba le tacú leis.
- Forbraíodh Seirbhísí Athshlánaithe ar láthair an MPUH.
- Athshainíodh leapacha míochaine agus máinliachta agus cohóirt speisialtóra.
- Seoladh Géar-Shiondróm Corónach i nDeireadh Fómhair agus ba é GUH an chéad cheann de na sé ionad do Phríomh-Idirghabháil Chorónach Thréchráicneach (PPCI) 24/7 le dul beo.
- Tugadh isteach an Clár Obrádlainne Táirgiúla.
- Fuarthas Creidiúnú JAG do Scagthástáil Ailse Colaiceictí.
- Osclaíodh go hoifigiúil an t-aonad nua-naíoch sínithe (spás do 17 gcliabhán).
- Tugadh isteach an Campas Saor ó Dheatach i bhFeabhra 2012.
- Tosáíodh an scéim phiolótach do Sheirbhísí Pobail d'athshlánú stróc.
- Osclaíodh an Seomra Iontrála Obrádlainne.



D'athoscail GUH obrádlann chun an líon othar atá ag fanacht ar ghnáthamh agus an tréimhse feithimh a laghdú. Foireann na hObrádlainne ó chlé: Brian Keane, Póirtéir; Polina Furnika, Ainéistéitic; Margaret Healy, Bainisteoir Altraí Cliniciúla, Ainéistéitic; Terri Ryan, Altra Foirne; Breege McKiernan, Altra Obrádlainne; Michelle McNamara, Téarnamh; Mary Diviney, Bainisteoir Altraí Cliniciúla 2, Téarnamh; Noreen Keelan, Ainéistéitic; agus Assumpta Casserly, Altra Obrádlainne.

5.0

5.0 Eastáit

5.1 Group Estates Strategy

In 2012, bunaíodh Straitéis Eastát an Ghrúpa a fhorbheathnaíonn an straitéis d'fhorbairt campa(i)s amach anseo a chinntíonn, nuair is féidir, go ndéantar an fhorbairt ar bhealach pleanáilte, éifeachtach, éifeachtúil agus céimnitheach agus de réir Pleananna Rialaithe Forbartha.

Tugadh faoi obair shuntasach in 2012 chun forbairtí pleanáilte a chur chun cinn chun an cumas ionscópachta agus othar seachtrach a ardú ar fud an Ghrúpa, mar aon le cóiríocht othar cónaithe ionaid le tacú le Cláir Chliniciúla Náisiúnta.

Uasghrádaíodh an bonneagar dóiteáin, uisce, gás míochaine agus leictreach le dul i ngleic le príomhréimsí riosca. Uasghrádaíodh áiseanna sláinteachais chomh maith, lena n-áirítear cláir phéinteála rollacha, seomraí folctha en-suite breise agus obair uasghrádaithe sruthlaithe a chur ar fáil.

In 2012, bunaíodh Straitéis Eastát an Ghrúpa chun forbheathnú a dhéanamh ar an straitéis d'fhorbairt campa(i)s amach anseo



Ag oscailt oifigiúil an chéad Seomra Iontrála Obrádlainne sa tír, in GUH i mí na Samhna.

5.2 Faomhadh Caipitil

Fuarthas faomhadh caipitil in 2012 chun dearadh nó forbairt na dtionscadal suntasach seo a leanas a chur ar aghaidh:

- Bloc Barda Eatramhach 75 leaba in UHG - €12m.
- Aonad Ionscópachta Ros Comáin - €3m.
- Trealamh Raideolaíochta Ionaid in UHG - €1.6m.
- Áis Oinceolaíocht Radaíochta agus oibreacha Cumasaithe - €50m.
- Áis um Thaighde Chliniciúil - €8m.
- Uasghrádú ar Aonad Ionscópachta Portiuncula - €500k.
- Aonad Lárnach um Dhí-éilliú Scóip in UHG - €600k.
- Aonad 2 d'Othair Sheachtracha in MPUH - €360k.
- Athchumrú ED in UHG - €100k.



Elaine Prendergast, Bainisteoir Ginearálta, Ospidéal Ros Comáin le Bill Maher, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa ag an imeacht chun ceiliúradh a dhéanamh ar phróiseas creidiúnaithe JAG ag ORC.



Foireann ón Aonad Pédiatraiceach a ndearnadh athchóiriú air le déanaí ag Ospidéal Portiuncula Bhéal Átha na Sluaghe, a d'oscail coiste tiomsaithe airgid 'Cairde an Aonaid um Chúram Speisialta Linbh agus Barda Leanaí' go hoifigiúil – ar chúl ó chlé: Colette Cowan, Stiúrthóir Altranais agus Cnámhseachais an Ghrúpa; Marita Fogarty, Stiúrthóir Cúnta Altranais; an tAth. John Kileen; Mary Kenny; Alison Kinlan; Karen Leonard, Bainisteoir Altraí Cliniciúla; Bríd Duggan; Phil Lyons; Siobhan Horkan; agus Sarah McMickan, Stiúrthóir Altranais. Chun tosaigh ó chlé: Bernie Tully, Bernie Healy Kennedy, Mary Kenny, Geraldine Quinn, Bríd Barrett, Ann Flanagan, Breda Coughlan.

5.3 Seirbhísí Sláinteachais agus Díshalaithe

Rinneadh feabhsúcháin mhóra bhonneagair, cláir oiliúna agus seachadadh próiseas fairsing iniúchta thar na gnéithe éagsúla de sheirbhísí sláinteachais lena n-áirítear bainistiú dramhaíola, glantachán, lónadóireacht, seirbhísí línéadaigh, diúscairt trealaimh agus nithe garbha. Le linn na bliana, rinneadh breisfhorbairt ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus leanadh le rannpháirtíocht úsáideora seirbhíse in obair an Choiste Sláinteachais.

6.0 Acmhainní

6.1 Finance

Ba bhliain dhúshlánach ó thaobh airgeadais a bhí in 2012 don Ghrúpa. Léiríonn staid dheireadh na bliana easnamh €37.4m ar an mbuiséad; ach, laghdaíodh go €28.2m é seo nuair fágadh amach roinnt tosca seachtracha. Ba é seo an chéad bhliain de chuntais chomhdhlúite don Ghrúpa agus bhí brú costais ar gach ospidéal a bhí níos mó ná na leibhéil mhaoinithe.

Tá bainistiú feidhmíochta lárnach i rath leanúnach an Ghrúpa

Cé gur chríochnaíomar an bhliain le heasnamh sa bhuiséad, d'éirigh linn costais a laghdú i gcomparáid leis an mbliain roimhe (seachas costais aonuaire in 2011), in ainneoin ardú suntasach ar ghníomhaíocht othair.

Leanamar leis an dul chun cinn le forbairt mhúnla oibríochtúil airgeadais an Ghrúpa agus i dtreo dheireadh 2012, d'earcaíomar triúr cuntasóirí. Tá bainistiú feidhmíochta lárnach i rath leanúnach an Ghrúpa agus d'fhorbraíomar ardán Bainistithe Feidhmíochta ar fud an Ghrúpa a chuimsíonn sraitheanna príomhtháscairí feidhmíochta do ghníomhaíocht, Acmhainní Daonna, Caighdeán Seirbhíse agus Airgeadas.

6.2 An Tuairisc Ioncaim Agus Caiteachais

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Ghrúpa 2012			
	Achoimre 2012 €000's	2012 Achoimre ar Leithdháileadh €000's	Achoimre 2011 €000's
Ioncam			
Ioncam Othair	43,574	64,171	43,097
Ioncam Eile	11,741	11,016	7,912
	55,315	75,187	51,009
Caiteachas			
Pá agus Tuarastal	262,462	261,478	265,241
Drugáí agus Leighis	30,710	22,889	27,364
Drochfhiacha	-239	138	1,235
Costais Chliniciúla	56,893	49,546	55,198
Baile	13,150	12,955	12,871
Costais Neamhchliniciúla	10,028	9,755	6,893
Costais Chothabhála agus Fuinnimh	9,558	8,072	9,708
Ilghnéitheach	7,719	7,932	6,676
	390,281	372,765	385,186
Glancaiteachas	334,966	297,578	334,177

6.2.1 Pá

In 2012, rinneadh iarracht mhór díriú ar chostas an phárolla a laghdú. B'ionann an caiteachas ar phá in 2012 agus €262.5m; feabhas agus laghdú €2.8m a bhí anseo ó 2011. Bhí laghduithe móra ar leibhéil foirne ag eascairt as scéimeanna luathscoir i ngach grád. Bhí an moratóir leanúnach ar earcaíocht san earnáil phoiblí ina dhúshlán ar ár gcumas le catagóirí áirithe foirne a earcú; theastaigh athchumrú agus ath-implonú d'fhonn seirbhísí líne thosaigh a chothabháil. Chabhraigh an chaoi ar dhírigh an bhainistíocht go láidir le linn na bliana ar íocaíochtaí bisigh, ar ragobair agus ar obair ghníomhaireachta chun bonn costais an phárolla a laghdú.

6.2.2 Neamhphá

D'ardaigh costais neamhphá ó bhliain go bliain €7.8m. Áiríodh sna príomhréimsí brú Drugaí agus Leighis, ina raibh ardú €3.4m ó anuraidh. Tá leighis oinceolaíochta fós ina bpríomhspreagthóir de chostais leighis. D'ardaigh costais scagdhealaithe chomh maith de bharr an líon othar a bheith ag fás. Áiríodh le réimsí costais eile ina raibh brú ceannach trealamh leighis criticiúil ar chostas iomlán €1.2m, an costas a bhaineann le cúram teach altranais a chur ar fáil (€0.7m) agus costais iompair (€2.0m). Bhí brú chomh maith ar chatagóirí neamhothair cosúil le costais fuinnimh, lónadóireachta, ghlantacháin agus stórála. D'ainneoin an chaiteachais ardaithe, bhí an Grúpa in ann costais a laghdú i réimsí neamhphá áirithe lena n-áirítear soláthar do dhrochfhiacha, fáil táirgí fola agus costais a bhaineann le hoibreacha cothabhála.

6.2.3 Ioncam

Léirítear ardú €4.3m nó 8% ar ioncam an Ghrúpa ó anuraidh. D'oibríomar go dlúth leis an Aonad Seachadta Speisialta chun seachadadh seirbhísí éigeandála a athchóiriú agus liostaí feithimh a laghdú in 2012 agus fuarthas roinnt maoiniú breise ina leith seo.

Cé gur thit líon na n-othar a raibh árachas príobháideach acu, d'éirigh leis an nGrúpa ioncam ó chóiríocht othair a chothabháil ag an leibhéal céanna le 2011.

6.3 Acmhainní Daonna

D'ainneoin an dul chun cinn teicneolaíochta agus teiripe ar fad sa mhíochaine, tá seachadadh cúram sláinte fós, go bunúsach, daonna: Daoine ag Tabhairt Aire do Dhaoine Tá an t-ádh le Grúpa Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ros Comáin go bhfuil lucht saothair ardoilte, ardspreagtha agus comhbhách acu.

Ba é an cur chuige le linn 2012 príomhghráid agus poist san eagraíocht a shainaitheint agus a chur in ord tosaíochta, de réir chur chuige an Ghrúpa i mbreisiú ceannaireachta cliniciúla ar bhardaí ag leibhéal Stiúrthóireachta. Áiríodh anseo, daoine a earcú mar Bhainisteoirí Altraí Cliniciúla ag leibhéal barda ar bhonn buan chun ceannaireacht a bhreisiú; daoine a earcú do phoist ríthábhachtacha bhainistíochta cosúil le Stiúrthóir Altranais agus Cnáimhseachais an Ghrúpa, Stiúrthóir Acmhainní Daonna an Ghrúpa agus Stiúrthóir Cliniciúil an Ghrúpa; agus daoine a earcú i ngrád a raibh géarghá leo cosúil le haltraí i gcúram criticiúil, altraí obrádlainne, cnáimhsigh, foireann mamagrafaíochta agus gráid theicniúla. Le tacú leis na bainisteoirí nua, cuireadh oiliúint cheannaireachta ar fáil do Bhainisteoir Altraí Cliniciúla, do bhainisteoirí gnó agus do bhainisteoirí céaduaire.

Ar cheann de na príomhdhúshláin a bhí roimh an ngrúpa in 2012 bhí caillteanas líon suntasach de na comhaltaí foirne tábhachtacha tríd an scéim Scoir le Pinsean Cosanta. Is féidir tionchar na scéime seo a fheiceáil sa líon foirne; in Eanáir, d'fhostaigh an Grúpa 4056 Coibhéis Lánaimseartha (an líon post nuair a chuirtear na socruithe páirtaimseartha ar fad leis an líon lánaimseartha) agus faoi mhí na Nollag, bhí sé seo laghdaithe go 3951; laghdú 105 Coibhéis Lánaimseartha nó 2.59% dár lucht saothair iomlán. Tharla an chuid is mó den laghdú seo de bharr na scéime scoir dreasaithe. Is é an rud is tábhachtaí sna cúinsí seo, leanúint le cúram sábháilte d'othair. Creidiúint don réamhphleanáil ar fad agus níos tábhachtaí fós, don fhoireann a léirigh díograis arís agus arís eile, is ea gur baineadh amach é seo.

Ag deireadh na bliana, bhí an Grúpa ag feidhmiú faoina shíleáil fostaíochta 3980 mar thoradh ar mhonatóireacht ghéar ar leibhéal fostaíochta

6.3.1 Próifil Foirne an Ghrúpa

B'ionann an tsíleáil foirne i mí na Nollag agus 3980, cé gurbh ionann an Choibhéis Lánaimseartha ina iomláine ag deireadh mhí na Nollag 2012 agus 3951, 0.73% faoin liúntas.

Próifil Foirne an Ghrúpa 2012				
	GUH	RCH	PHB	Group
Altranas	1,164.57	99.33	271.89	1,535.79
Foireann Tacaíochta Ginearálta	270.09	61.72	71.63	403.44
Health and Social Care Professionals	405.44	20.42	60.47	486.33
Gairmithe Cúram Sláinte agus Sóisialta	482.64	54.01	108.14	644.79
Míochaine/Fiaclóireacht	482.85	31.53	82.19	596.57
Cúram Othar agus Cliant Eile	210.74	10.96	51.81	273.51
Eile	11.00	0	0	0
Móiriomlán	3,027.11	277.97	646.13	3,951.21

Treocht na Coibhéise Lánaimseartha: An Grúpa v Síleáil



6.3.2 Bainistiú Asláithreachta

Laghdaigh neamhláithreacht ar fud an Ghrúpa 5.16% ag tús 2012 go dtí 4.69% i mí na Nollag. Baineadh amach é seo trí oibriú i gcomhpháirt le foireann Acmhainní Daonna, bainisteoirí ag gach leibhéal, ionadaithe ceardchumann agus foireann sláinte cheirde. Bhí dianobair le Bainisteoirí Líne agus leis an bhfoireann ríthábhachtach inár n-iarrachtaí chun an sprioc náisiúnta a bhaint amach, chun norm a dhéanamh de bhainistiú freastail agus gnáthchruinnithe um Fhilleadh ar an Obair.

Neamhláithreacht an Ghrúpa de réir míosa 2012													
	Ean	Feab	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll	2012
GUH	5.30%	4.92%	4.43%	4.50%	4.51%	4.37%	4.64%	4.31%	3.85%	4.57%	4.72%	4.42%	4.54%
PHB	4.59%	4.88%	5.75%	3.73%	4.93%	3.94%	3.92%	4.48%	4.23%	5.42%	4.23%	4.60%	4.59%
RCH	5.00%	5.95%	5.51%	4.77%	7.54%	7.33%	6.27%	6.48%	7.66%	8.59%	8.31%	6.95%	6.70%
Group	5.16%	4.99%	4.65%	4.36%	4.75%	4.50%	4.64%	4.49%	4.18%	4.99%	4.89%	4.69%	4.69%

B'ionann neamhláithreacht náisiúnta do 2012 agus 4.79% (88.5% deimhnithe), laghdú beag ar an 4.90% in 2011. Laghdaigh leibhéal neamhláithreachta an Ghrúpa 9.11% sa tréimhse chéanna. Tá leibhéil neamhláithreachta sa Ghrúpa níos fearr ná na sonraí náisiúnta le ceithre bliana anuas (2011 – 4.90%, 2010 – 4.70%, 2009 – 5.05% agus 2008 – 5.76%). Cé go bhfuil leibhéil neamhláithreachta fós os cionn an spriocleibhéil, tá siad ag dul in ísle ar an iomlán.



Clár um Chinnirí Todhchaí an Ghrúpa á seoladh i mí na Samhna. Ina seasamh ó chlé: Karl Sweeney, Stiúrthóir Cliniciúil, an Stiúrthóireacht Mháinliachta; Sue Hennessy, Bainisteoir an Liosta Feithimh, GUH; Colette Cowan, Stiúrthóir Altranais agus Cnáimhseachais an Ghrúpa; Bill Maher, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa; Ailish Mohan, Bainisteoir Gnó Gníomhach, an Stiúrthóireacht Mháinliachta; Elaine Dobell, Ceann na Fisiteiripe, GUH; Ann Cosgrove, Seirbhísí Cliniciúla agus Neamhchliniciúla, Bainisteoir, GUH; agus John Shaughnessy, Stiúrthóir Acmhainní Daonna an Ghrúpa. Ina suí ó chlé: Jean Kelly, Stiúrthóir Cúnta Altranais, an Rannóg Míochaine agus an Rannóg Éigeandála, GUH; Máire Kelly, Oifigeach Riaracháin Sinsearach, Oifig an Bhainisteora Ginearálta, PHB; Chris Kane, Bainisteoir Ginearálta Gníomhach, PHB; Fiona McHugh, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin; agus Elaine Prendergast, Bainisteoir Ginearálta, RH.

6.3.3 Forbairtí Acmhainní Daonna

Bunaíodh an Coiste Rialaithe Fostaíochta agus ba cheann de phríomhthosaíochtaí tosaigh an Choiste pleananna teagmhais a réiteach le déileáil le tionchar na scor agus le poist ríthábhachtacha a shainaithint agus a earcú. Tagann an coiste le chéile ar bhonn míosúil chun gach iarratas ar fholúntais a líonadh a bhreith, chomh maith le foireann a earcú agus iarratais gníomhaireachta a bhainistiú.

Chuir an Coiste Rialaithe Fostaíochta próiseas éifeachtach agus freagrúil ar fáil do Chinn Roinne chun a gcuid foirne a bhainistiú

Shainaithin an Grúpa roinnt post le líonadh mar thosaíocht agus chuaigh an tSeirbhís Earcaíochta Náisiúnta ar aghaidh le líonadh roinnt díobh seo. Phrúiseáil an fhoireann Acmhainní Daonna áitiúil roinnt poist eile lena n-áirítear Bainisteoirí Altraí Cliniciúla, Príomheolaithe Míochaine, Eolaithe Míochaine, Cúntóirí Saotharlainne agus altraí foirne sealadacha d'Obrádlanna, Cúram Criticiúil, Míochaine agus Máinliacht. Úsáideadh conarthaí sealadacha i roinnt cásanna chun costais ghníomhaireachta a laghdú.

Chuir bunú an Choiste Rialaithe Fostaíochta próiseas éifeachtach agus freagrúil ar fáil do Chinn Roinne chun a gcuid foirne a bhainistiú agus chun pleanáil a dhéanamh chun dul i ngleic leis an mbrú seirbhíse atá ag teacht chun cinn.



Ag an gclár oiliúna 'Leading in Uncertain Times' in GUH, ar chúl ó chlé: Brian Kelly; Eileen Loftus; Evelyn Nicholson; Mary Hogan; Mary Lydon; Siobhan Canny, éascaitheoir; Yvonne Qualter agus Mary Fahy. Chun tosaigh ó chlé: Hannah Kent, éascaitheoir; Niamh Rohan; Áine Binchy agus Cora Marnell.

7.0 Altranas

In 2012, bhí Altranas agus Cnáimhseachas ar thús cadhnaíochta an phróisis athraithe agus thacaigh siad leis na Stiúrthóireachtaí i bhforbairt seirbhísí a chuir le cúram othar ar fud an Ghrúpa. Trí obair chomhoibríoch leis na Stiúrthóirí Cliniciúla, bhíomar in ann seirbhísí agus tionscnaimh nua a bhaint amach don Ghrúpa.

Áiríodh le buaicphointí na bliana don Altranas, tabhairt isteach an Scóir Luathrabhaidh Náisiúnta i mí na Samhna. Níorbh fhéidir é seo a bhaint amach sa ghearrthearma gan olliaracht foirne. Buaicphointí ba ea ceapadh Ardchleachtóirí Altranais sa Haemaiteolaíocht agus sa Rannóg Éigeandála in GUH chomh maith.

Bhí Altranas agus Cnáimhseachas ar thús cadhnaíochta an phróisis athraithe agus thacaigh siad leis na Stiúrthóireachtaí i bhforbairt seirbhísí a chuir le cúram othar ar fud an Ghrúpa

In Ospidéal Portiuncula, beidh an tAonad Measúnaithe Géarmhíochaine feidhmeach go luath in 2013 de bharr na hoibre réitithe ar fad le linn 2012. Táthar ag súil go gceapfar Ardchleachtóir Altranais don Rannóg Éigeandála i gcéad ráithe 2013.

In Ospidéal Ros Comáin, síníodh Ordú Oideas ó Altraí chun diaibéiteas, cúram maolaitheach, warfarin, measúnú réamhobráide, athshlánú cairdiach agus speisialtóirí riospráide a áireamh. Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn maith ar Thionscnamh an Bharda Tháirgiúil in dhá bharda.

Trí obair chrua gach duine, sásaíodh cuspóirí Altranais agus Grúpa agus cinntíodh gur seachadadh cúram ardchaighdeáin laethúil ar na hothair.



Foireann Altranais ag Ospidéal Ros Comáin, ó chlé: Mary Francis Langan SN, Sinead Golden SN, Olive Arnold SN, Siobhan Carty CNM1, Fiona Hamrock SN agus Mary McNeill SN.

8.0 Stiúrthóireachtaí Cliniciúla

Le linn 2012 ar fad, díródh go mór ar ról na Stiúrthóireachtaí Cliniciúla a láidriú mar chroí-aonaid rialachais an Ghrúpa. Dírónn gach Stiúrthóireacht anois ar chur chuige ildisciplíneach agus comhtháite atá foireannbhunaithe chun tosaíochtaí Stiúrthóireachta agus Grúpa a bhaint amach, agus ag an am céanna ag forbairt cultúr um bainistiú feidhmíochta bunaithe ar phríomhtháscairí feidhmíochta. Le tacaíocht ó chuntasóir bainistíochta tiomanta, forbraíodh straitéisí chun costais a choinneáil síos do gach Stiúrthóireacht agus díródh go suntasach ar bhailiú ioncaim a uasmhéadú trí amlínte um chríochnú agus cur isteach éileamh árachais a fheabhsú.

Le linn 2012, díródh go mór ar ról na Stiúrthóireachtaí Cliniciúla a láidriú mar chroí-aonaid rialachais an Ghrúpa.

Rinne an Grúpa dul chun cinn ar fhorfheidhmiú Clár Cliniciúil Náisiúnta a tugadh isteach chun cúram othair a fheabhsú agus a chaighdeánú i ngach ospidéal. Faoi láthair, tá 29 Clár Cliniciúil Náisiúnta i réimse leathan speisialtachtaí; cuireadh tús rathúil le go leor díobh sa Ghrúpa, cé go bhfuil roinnt díobh sna céimeanna forfheidhmithe tosaigh go fóill. Chuir na Cláir Chliniciúla Náisiúnta acmhainní breise ar fáil chun seirbhísí cliniciúla a fhorbairt agus dá bhrí sin bhí siad ina bpríomhspreagthóirí do thosaíochtaí cliniciúla do 2012.



Ag cuairt suímh an Chláir Mháinliachta Roghnaí chuig Ospidéal Portiuncula in Aibreán, ó chlé: Máire Kelly, Oifigeach Riaracháin Sinsearach, Oifig an Bhainisteora Ghinearálta; Sarah McMickan, Stiúrthóir Altranais; Sinead O'Brien, Ceann an Tionscadail um Máinliacht Roghnach; Chris Kane, Bainisteoir Ginearálta Gníomhach; an tUasal Chris Collins, Máinliá Comhairleach leis an gConair Uachtarach Ghastrailéigeach; an tOllamh Frank Keane, Ceann Náisiúnta an Chláir Mháinliachta Roghnaí; an Dr Niall Gough, Raideolaí Comhairleach; Caroline Dolan, Bainisteoir Rannóige Altranais, Obrádlann; Breda Madden, Bainisteoir Altraí Cliniciúla, Obrádlann; agus Michael Prenderville, Ceann Tionscadail, TPOT

8.1 Stiúrthóireacht Leighis

Stiúir an Dr Pat Nash an Stiúrthóireacht Leighis mar Stiúrthóir Cliniciúil in 2012. Ba é príomhfhócas na Stiúrthóireachta dul i ngleic le feithimh ar thralaithe sa Rannóg Éigeandála. Ba phríomhréimsí suime a bhí i bhforfheidhmiú an Chláir Géarmhíochaine (AMP), an Chláir Míochaine Éigeandála (EMP) agus na gclár um Chúram Daoine Scothaosta (COTE). Rinneadh dul chun cinn suntasach i bhforfheidhmiú an AMP agus in 2013 díreofar níos mó ar an dá mhórchlár chliniciúla eile. Ceapadh triúr Dochtúirí Géarmhíochaine chuig an nGrúpa in 2012 agus táthar ag súil go dtosóidh siad a gceapacháin bhuna i nGaillimh go luath in 2013. Léirigh tionscadal a bhain le múnúlú leapa a rinne an Clár Géarmhíochaine nach raibh dóthain leapacha míochaine ar fáil, agus dá bhrí sin, rinneadh athchumrú ar leapacha in GUH i mBealtaine agus aistríodh Barda Naomh Muire ó bharda máinliachta go barda míochaine. Le chéile, forfheidhmíodh cohórt láidir othair mhíochaine agus mháinliachta chun bardaí a scaradh in GUH a d'éascaigh rochtain fheabhsaithe ar leapacha d'iontrálacha géarmhíochaine fad is a bhíothas ag cosaint leapacha máinliachta do mháinliacht roghnach. Buaicphointí eile sa Stiúrthóireacht Míochaine in 2012 ba ea:

- Grúpa Forbartha ED.
- Rochtain 24/7 faoi stiúir lianna comhairleacha ar sheirbhís trombalaithe do ghéarstróc in GUH agus ó 9am go 5pm i rith na seachtaine ag PHB.
- Forbairt clár for-rochtana COPD in GUH.
- Clinic tiomanta um teip croí faoi stiúir Lia Comhairleach ag GUH agus PHB.
- Príomhionad PCI 24/7 (an chéad cheann go náisiúnta) in GUH mar chuid den Chlár ACS
- Laghdú ar an liosta feithimh deirmeolaíochta.
- Seirbhís 5 lá d'othair oinceolaíochta/haemaiteolaíochta roghnacha/sceidealaithe in GUH.
- Seirbhís mhíochaine 5 lá i bPáirc Mheirlinne.



Sheol GUH clár nua cóireála baile d'othair a bhfuil Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach (COPD) orthu, ó chlé: An Dr Robert Rutherford, Dochtúir Riospráide Comhairleach agus ceannaire an chláir for-rochtana COPD le Marie Burns, Altra Cliniciúil Speisialtóra COPD agus Sheila Farrell, Fisiteiripeoir Sinsearach.

8.2 Stiúrthóireacht Máinliachta

Ghlac an tUasal Karl Sweeney le ról an Stiúrthóra Chliniciúil máinliachta in ionad an Uasail Michael O’Sullivan in 2012. Ba é príomhfhócas na Stiúrthóireachta Máinliachta in 2012, an sprioc náisiúnta do chóireáil othair chónaithe ar fud an ghrúpa a bhaint amach. Ba é an aidhm a chinntiú nach raibh othar ar bith ag feitheamh níos faide ná 9 mí (daoine fásta) i gcomhair gnáthamh cónaithe nó cás lae faoin 30 Meán Fómhair. Baineadh an sprioc amach trí fhoireann ildisciplíneach shainithe a thabhairt le chéile ar bhonn seachtainiúil le díriú ar na réimsí is mó ónar theastaigh tacaíocht. Mar aon leis seo agus an Stiúrthóireacht Obrádlainne, Ainéistéise agus Cúraim Chriticiúil, cuireadh tús le straitéis chun an Clár Máinliachta agus Ainéistéise, le fócas ar shreabhadh obrádlainne agus ‘Clár Obrádlainne Táirgiúla’ a fhorfheidhmiú. Buaicphointí eile sa Stiúrthóireacht Máinliachta in 2012 ba ea:

- Laghdú ar thréimhse fanachta réamhobráide.
- Úsáid leapa ag an deireadh seachtaine a bhainistiú lena chinntiú go raibh leapacha ar fáil le linn na seachtaine do ghníomhaíocht mháinliachta.
- Forbairt clinicí le haghaidh measúnú réamhobráide in GUH.
- Tionscnamh liosta feithimh faoi stiúir speisialtóra fisiteiripe in ortaipéidic.
- Forbairt máinliachta plaistí roghnaí in Ospidéal Ros Comáin.
- Creidiúnú JAG d’ionscópacht mhíochaine agus mháinliachta in GUH agus i Ros Comáin ag deireadh 2012.



Baill den Fhoireann Máinliachta ag Ospidéal Ros Comáin ag ceiliúradh shíneadh na Seirbhíse Ionscópachta ag an ospidéal, ó chlé: An Dr Martin Bell, Dochtúir Sinsearach Tí Máinliachta; an tUasal Liam McMullin, Máinliá Comhairleach; Thomas Carr, Póirtéir Obrádlainne; an tUasal Tapas Chatterjee Chattopadhyay, Clárathóir Máinliachta; Hailey Leech, Altra Obrádlainne; agus Marie Cooke, Bainisteoir Altraí Cliniciúla Gníomhach 2, Obrádlann.

8.3 Stiúrthóireacht Ban agus Leanaí

Threoraigh an Dr Geraldine Gaffney an Stiúrthóireacht Ban agus Leanaí i rith 2012. Ar cheann de na príomhréimsí fócais bhí comhtháthú níos dlúithe seirbhísí idir Portiuncula agus GUH. Is áit nua-aimseartha, oiriúnach don fheidhm, atá san aonad nua-naíoch nua fairsingithe in UHG a chuireann timpeallacht chuí ar fáil do leanaí nuabheirthe atá an-tinn. Osclaíodh go hoifigiúil é in 2012 tar éis blianta d’obair chrua. Ag GUH, breiseoidh aistriú measúnuithe géar-ghínéiceolaíochta ó sheirbhís siúil isteach ar Bharda Naomh Monica chuig an láthair níos oiriúnaí sa Rannóg Éigeandála (don triáis agus measúnú tosaigh) ag deireadh 2012 sábháilteacht agus cáilíocht an chúraim ar féidir a chur ar fáil dóibh siúd a thagann isteach le fadhbanna géar-ghínéiceolaíochta agus luath-thoirchis.



Foireann an Aonaid Nua-naíoch leis an Uachtarán Ó hUiginn agus Bean Uí Uiginn ag Oscailt Oifigiúil an Aonaid Nua-naíoch ag Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe, Dé hAoine an 24 Feabhra 2012.

8.4 Stiúrthóireacht Raideolaíochta

Threoraigh an Dr Ray McLoughlin an Stiúrthóireacht Raideolaíochta mar Stiúrthóir Cliniciúil in 2012. Bhí forbairt agus forfheidhmiú straitéise chun seantrealamh a ionadú, go háirithe ar láthair UHG, ar cheann de príomhthosaíochtaí na Stiúrthóireachta. Aontaíodh agus cuireadh tús leis seo in 2012 agus leanfar leis i rith 2013. Baineadh amach laghduithe móra ar amanna feithimh i CT agus MRI in 2012 d'ainneoin brú ardaithe ó sheirbhísí othair chónaithe.




Foireann na Rannóige Raideolaíochta ag Ospidéal Ros Comáin, ar chúl ó chlé: Madeline Brennan, Oifigeach Cléireachais; Catherine Middleton, Cúntóir Radagrafaíochta; Christine Cooper, Radagrafaí Sinsearach; an Dr Declan Sheppard, Raideolaí Comhairleach; Mary Flynn, Bainisteoir na Seirbhíse Raideolaíochta; Ciara McGuinness, Radagrafaí; Anne Curley, Oifigeach Cléireachais. Chun tosaigh ó chlé: Pauline Conroy, TF; Una O'Reilly, Radagrafaí agus Ann Lawn, Radagrafaí Sinsearach.

8.5 Stiúrthóireacht Leigheas Saotharlainne

Threoraigh an Dr Damian Griffin an Stiúrthóireacht Leigheas Saotharlainne in 2012. Áirítear le roinnt de na príomhfhorbairtí sna saotharlanna in 2012:

- Comhtháthú ar fud an Ghrúpa Ospidéal.
- Tabhairt isteach aithint gutha do thuairisciú histeapaiteolaíochta.
- Fuair an t-ionad Fola agus Fíocháin an chéad cheadúnas um Dhea-Phróiseas Déantúsaíochta (GMP) bunaithe i saotharlann chun braonta séirim uathlógaigh súl a tháirgeadh ó Bhord Leigheasra na hÉireann.



In GUH, chuir Rannóg na Bithcheimice Cliniciúla teicneolaíocht den chéad scoth lena bhfearas diagnóisice nuair a fuarthas an Chrómatagrafaíocht Leachta – Mais-Speictiméadracht. Ó chlé: An Dr Damian Griffin, Paiteolaí Ceimiceach Comhairleach/Stiúrthóir Cliniciúil; Nuala Ní Chadhain, Eolaí Míochaine Sinsearach; Paula O'Shea, Bithcheimiceoir Cliniciúil Comhairleach; Norma Maher, Eolaí Míochaine Sinsearach, an Rannóg Bithcheimice Cliniciúla.

8.6 Stiúrthóireacht Obrádlainne, Ainéistéise agus Cúraim Chriticiúil

Ba é an Dr Paul Naughton Stiúrthóir Cliniciúil na Stiúrthóireachta Obrádlainne, Ainéistéise agus Cúraim Chriticiúil. Ba bhliain dhúshlánach a bhí in 2012 do sheirbhísí obrádlainne, agus bhí cúrsaí foirne (altraí go háirithe) ina dheacracht leanúnach. Tá clár earcaíochta ar siúl go fóill. Cuireadh próiseas nua sceidealaithe obrádlainne i bhfeidhm chun úsáid obrádlainne a fheabhsú a chomhordófar trí ghrúpa sreafa obrádlainne. Ba mhórdhúshlán a bhí i gcúrsaí foirne don ICU in 2012 chomh maith ach de bharr cead a fháil ó ghrúpa fostaíochta náisiúnta chun tús a chur le feachtas earcaíochta altranais i dtreo dheireadh na bliana, osclófar dhá leaba ICU bhreise in GUH sa chéad leath de 2013.



An Dr Kevin Clarkson, Comhairleoir Dianchúraim; Christine Sheehan, Altra Forbartha Cleachtais, Cúram Criticiúil; agus an Dr John Bates, Ainéistéisí Comhairleach, GUH leis an inneall ultrafhuaime a bhronn teaghlach ar an ospidéal in 2012. D'éirigh leis an gcóireáil a cuireadh ar bhall den teaghlach an bhliain roimhe in aghaidh Siondróim um Ghéar-Anacair Riospráide de bharr fliú H1N1, tinneas a bhíonn bagrach don bheatha.

9.0 Seirbhísí Ailse

Bunaíodh Straitéis Ailse an Ghrúpa chun plean straitéiseach do sheirbhísí ailse a chomhordú, a fhorbheathnú, a chur in ord tosaíochta agus a chomhtháthú in Ionad Ailse Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus na hospidéal lena mbaineann, agus é mar aidhm Ionad Ailse cuimsitheach a bhunú i gcomhar le OÉ Gaillimh a bheadh iomaíoch go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá an grúpa seo ag obair go dlúth leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse chun an straitéis náisiúnta ailse a fhorfheidhmiú.

I mí na Samhna, rinneadh iniúchadh ar GUH agus ar Ospidéal Ros Comáin agus tugadh Creidiúnú JAG dóibh as seirbhísí lonscópachta. Aithnítear GUH agus Ospidéal Ros Comáin anois mar Ionaid um Scagthástáil Cholaireicteach agus glactar leis na chéad othair in 2013.

Aithnítear Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ospidéal Ros Comáin anois mar Ionaid um Scagthástáil Cholaireicteach agus glactar leis na chéad othair in 2013.



An Dr Mary Hynes, Bainisteoir Gréasáin Ailse Theas agus Thiar, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse; an tOllamh Michael Kerin, Máinlia Comhairleach; agus an Dr Susan O'Reilly, Stiúrthóir an Chláir Náisiúnta um Rialú Ailse in GUH i mí Iúil.

10.0 Cáilíocht agus Sábháilteacht Othair

Le linn 2012, cuireadh tús leis an bpróiseas chun athstruchtúrú a dhéanamh ar an struchtúr bainistíochta a bhaineann le Cáilíocht agus Sábháilteacht Othair. Ba chuid lárnach de seo bunú struchtúr láidir rialachais don ghrúpa.

Is é an príomhchuspóir do 2013 forfheidmiú Chaighdeáin Náisiúnta nua HIQA maidir le Cúram Sláinte níos Fearr agus níos Sábháilte.

Cuireadh tús leis an bpróiseas chun athstruchtúrú a dhéanamh ar shocruithe foirne ar fud an Ghrúpa le tacú le bainistiú Cáilíocht agus Sábháilteachta Othair sa ráithe dheiridh de 2012.

Cuireadh tús le próiseas chun fairsingiú ar an gcóras TF a fhorfheidmiú chun gearáin agus imeachtaí cliniciúla a bhainistiú sa ráithe dheiridh den bhliain.

Díríodh go láidir ar Iniúchadh Cliniciúil le linn 2012 agus reáchtáladh Lá um Chur i Láthair Iniúchta Chliniciúil i nDeireadh Fómhair.



Cuireadh an Córas Náisiúnta um Íomhú Máinliachta Comhtháite (NIMIS) i bhfeidhm in PHB i mí na Samhna. Foireann na Raideolaíochta ó chlé: Deirdre Forde, Oifigeach Cléireachais, Raideolaíocht; Margaret Dervan, Bainisteoir Raideolaíochta Gníomhach; Caroline Hanrahan, Radagrafaí Cliniciúil Speisialta, CT; Anita Carey, Bainisteoir TF; agus Michael Towey, Fisiceoir, an Rannóg Fisice Míochaine agus Innealtóireachta Cliniciúla.

Bás Máthartha in GUH

Ar an 28 Deireadh Fómhair, cailleadh othar máithreachais in GUH. Ba é seo an chéad bhás máithreachais díreach ag an ospidéal le 17 mbliana.

Chuir an t-ospidéal an cróinéir ar an eolas láithreach agus chuir sé tús le hiniúchadh dlí ar leith chun cúis an bháis a fhiosrú. De réir an chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta, bhunaigh an t-ospidéal athbhreithniú inmheánach an 30 Deireadh Fómhair agus cuireadh Foireann um Bainistiú Eachtra Náisiúnta an FSS ar an eolas ó bhéal, agus tugadh fógra foirmiúil dóibh an 01 Samhain. Chuir GUH tús le próiseas chun cliniceoirí leis an taithí oiriúnach sna réimsí ábhartha a aimsiú agus téarmaí tagartha a réiteach don athbhreithniú.

Ar an 14 Samhain, dheimhnigh an FSS go ndéanfadh an Fhoireann um Bainistiú Eachtra Náisiúnta maoirseacht ar an iniúchadh agus comhchuimsíodh an t-athbhreithniú inmheánach sa phróiseas sin. Ar an 19 Samhain, d'fhógair an FSS go mbeadh saineolaí idirnáisiúnta neamhspleách in obstatraic agus gínéiceolaíocht mar Chathaoirleach ar an bhFoireann Iniúchta agus thug siad sonraí maidir le baill eile na foirne.

Chomhoibrigh GUH go hiomlán leis an bhFoireann Iniúchta a bhunaigh an FSS, leis an gCróinéir, leis an iniúchadh ar leith a reáchtáil HIQA (a fógraíodh an 30 Samhain) agus le hionadaithe dlí a bhí ag teaghlach an té a bhásaigh.

1110

11.0 Ag Tógáil ar an Dul Chun Cinn

In 2013 tá sé beartaithe againn tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh in 2012 trí acmhainní an Ghrúpa a uasmhéadú agus trí dheireadh a chur le dúbailt seirbhísí, más gá. Beimid ag féachaint ar Chreat na nOspidéal Beag a chur i bhfeidhm ina iomlán agus bainfidimid an leas is fearr as na láidreachtaí ar leith atá ag gach ospidéal sa Ghrúpa. Tá struchtúr amháin Rialachais Chliniciúil againn anois agus tá Caighdeán Náisiúnta nua HIQA maidir le Cúram Sláinte níos Fearr agus níos Sábháilte (foilsithe in 2012) á gcur i bhfeidhm againn chun seirbhís shábháilte agus d'ardchaighdeán a chinntiú i measc na n-ospidéal uile sa Ghrúpa.

In 2013 tá sé beartaithe againn tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh in 2012 tríd an leas is fearr a bhaint as na láidreachtaí ar leith atá ag gach ospidéal sa Ghrúpa.



Maura Linehan, CNM2, Barda Máinliachta Lae; Gretta Greaney, CNM2, Rannóg Ionscópachta; An Dr Ramona McLoughlin, Ceann Cliniciúil na Seirbhíse Ionscópachta um Chonair Ghastristéigeach ag GUH; agus Ann Dooley, Bainisteoir Gnó, Stiúirthóireacht Míochaine a d'fhreastail ar ócáid cheiliúrtha ar bhronnadh an chreidiúnaithe JAG don tSeirbhís Ionscópachta um Chonair Ghastristéigeach ag GUH.

Aguisín 1

Grúpa Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ros Comáin Réimse Seirbhísí	
Bainistiú Géarphéine agus Péine Ainsealaí Ainéistéise Bithcheimic Máinliacht Chardatóracasach Cairdeolaíocht Cúram Daoine Scothaosta lena n-áirítear Athshlánú Cógaseolaíocht Chliniciúil Deirmeolaíocht Rannóg Éigeandála Iontrálacha Míochaine Éigeandála Iontrálacha Máinliachta Éigeandála Inchríneolaíocht agus Diabetes Mellitus ENT Gaistreintreolaíocht Máinliacht Ghinearálta Máinliacht G.I. Haemateolaíocht Heipiteolaíocht Histeapaiteolaíocht Imdhíoneolaíocht Galair Thógálacha	Aonad Measúnaithe Leighis Micribhitheolaíocht Nua-naíocht Néareolaíocht Neifreolaíocht / Haema-scagdhealú Obstatraic agus Gínéiceolaíocht Oinceolaíocht Oftailmeolaíocht Mascaille Béil Ortódontaic Ortaipéidic Péidiatraic Cúram Maolaitheach Máinliacht Phlaisteach Raideolaíocht Radaiteiripe Leigheas riospráide Réamaiteolaíocht Cúram Brollaigh Siomptómach Úireolaíocht Máinliacht Soithíoch

2012



Grúpa Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ros Comáin Tuarascáil Bhliantúil 2012